


# Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte

## Imlíne Scéim 2023

Ba cheart gach ceist a chur ar ríomhphost chuig: **townandvillage@drcd.gov.ie**

# Ábhair


1. Achoimre ar Scéim 2023 4
2. Leibhéal Deontais ar Fáil 6
3. Catagóirí Bailte 8
4. Próiseas Iarratais, Measúnaithe agus Faomhadh 9
5. Cineálacha Gníomhaíochtaí a Tacaítear leo 11
6. Cineálacha gníomhaíóchtaí nach dtacaítear leo 14
7. Leibhéal Deontais agus Sonraí Iarratais 15

8 Costais Údaráis Áitiúla 16

9 Coinníollacha Maoinithe 17

10. C
reat Scórála 20

Aguisín 1-Treoir Aicmithe Mol 22

Aguisín 2 – Bailte Lár Bailte ar dTús 23

# Réamhrá

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) leagtar síos an fhís agus an straitéis d'fhorbairt ár dtíre, arna chothromú trasna ár réigiúin, ár mbailte agus ár gcathracha go léir, go dtí an bhliain 2040. Déanann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a dícheall tacú le pobail bhríomhara, uilechuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann agus tacaíonn sí le gealltanais an NPF trí bheartas agus infheistíocht spriocdhírithe a thugann cumhacht do phobail, a thacaíonn le hathghiniúint inbhuanaithe tuaithe agus a chothaíonn fás réigiúnach.

Tá "*Ár dTochaí Tuaithe*- Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann 2021-2025", tiomanta do thacú le ceantar tuaithe nan hÉireann atá rathúil atá lárnach dár bhfolláine agus dár bhforbairt eacnamaíoch, sóisialta, cultútha agus comhshaoil náisiúnta. Áirítear leis seo bailte agus sráidbhailte tuaithe a athnuachan, agus beogacht na gceantar tuaithe a fheabhsú. Tá sé mar aidhm aige cur ar chumas daoine cónaí agus oibriú i dtimpeallacht ardchaighdeáin.

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí *Lár Bailte ar dTús* na huirlisí agus na hacmhainní a theastaíonn uathu a thabhairt dár mbailte freisin chun a bheith níos inmharthana agus níos tarraingtí mar áiteanna chun obair iontu, chun cuairt a thabhairt orthu agus chun gnó a sheoladh iontu. Tá raon gníomhartha agus tacaíochtaí díreacha ann atá deartha chun feabhas a chur ar athbheochan shóisialta agus eacnamaíoch na mbailte, chomh maith le dul i ngleic le dúshláin ar nós folúntais agus foirgnimh thréigthe. Tacaíonn na gníomhartha le cosaint ár dtimpeallachta, chomh maith le hoidhreacht agus cultúr ár mbailte.

Arna mhaoiniú faoi Thionscadal Éireann 2040, is príomhbheart í an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (TVRS) a thacaíonn go díreach le cuspóirí *Ár dTodhchaí Tuaithe* agus *an bPolasaí Lár Bailte ar dTús (*TCF). Tugadh an Scéim isteach in 2016 agus tá sí mar chuid de shraith beart atá deartha chun beatha a thabhairt do bhailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann.

**Tá TVRS 2023 deartha chun tacú le hathbheochan na tuaithe in Éirinn trí fhócas athnuaite ar théarnamh eacnamaíoch agus sóisialta i lár an bhaile agus ar athghiniúint**. Bainfear é seo amach trí thionscadail a dhíreoidh ar **athnuachan lár an bhaile**, ag feabhsú ár **sráideanna** agus ag tabhairt **foirgnimh fholma** agus thréigthe ar ais in úsáid mar spásanna ilchuspóireacha pobail trí athchóiriú.

I mbliana beidh fócas sc scéim freisin ar **Mhargaí Lár Bhaile nó Sráídbhaile** (m.sh. Margaí Feirmeoirí, Margaí San Aer, Margaí Trádálaí Áitiúla, Margaí Ceardaí nó a leithéid) i ailíniú leis an gClár don Rialtas. Bainfear é seo amach trí bhonneagar a choláthar chun tacú le héascú na margaí lasmuigh seo (m.sh. oibreacha an fhearainn phoiblí, soláthar seirbhísí, forscáith srl.). Tá aitheantas faighte ag acmhainn turasóireachta na margaí seo ó eispéiris réigiúnacha do thurasóirí; agus margaíócht réigiúnacha agus brandáil mar dhíol spéise do thurasóirí i mbailte agus i sráidbhailte. Ní mór margaí a thógáil ar phrionsabail eiticiúla agus inbhuanaitheachta chun fad saoil a chinntiú agus ní mór iad a fhorbairt le leargas ard agus réimse poiblí feabhsaithe a mheallfaidh líon ard daoine.

Tá an Scéim á riaradh trí údaráis áitiúla, a oibríonn go dlúth le pobail agus gnólachtaí áitiúla chun tograí bunaithe ar áit a fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar buan a bheith acu in athbheochan bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na tíre.

# 1. Achoimre ar Scéim 2023

Aithníonn an Roinn, trí bheartais *Ár dTodhchaí Tuaithe*, *Lár Bailte ar dTús* agus *Ár nOileáin Bheo* an tábhacht a bhaineann le bailte agus sráidbhailte tuaithe bríomhara a chruthú agus a chothabháil, agus leanfaimid leis seo a bhaint amach trí raon leathan idirghabhálacha agus infheistíochtaí straitéiseacha a sheachadadh ar fud na tíre.

Ó seoladh an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2016, tá níos mó ná €154 milliún leithdháilte ar níos mó ná 1,700 tionscadal ar fud na hÉireann. Thacaigh an Scéim le bailte agus sráidbhailte ar fud na tíre.

In 2022, leithdháileadh breis is €29m ar gnéithe éagsúla den Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, chun tacú le raon leathan tionscadal ar fud na tuaithe in Éirinn.

I mí an Mhárta 2023, cuireadh ciste €13 milliún ar fáil don Bheart um Fháil Foirgnimh chun dul i ngleic le folúntais agus le tréigtheacht faoin tuath in Éirinn.

Tá ciste táscach de 15 milliún ar fáil anois faoin TVRS 2023 chun tacú le tionscadail chaipitil bheaga agus mheánmhéide a fheabhsaíonn an comhshaol i lár bailte nó sráidbhailte agus a thacaíonn le beogacht eacnamaíoch agus shóisialta. Beidh maoiniú deontais do thionscadail idir €20,000 agus €500,000.

**Tá Scéim 2023 deartha chun tacú le hathbheochan na tuaithe in Éirinn tri fhócas athnuaite ar athnuachan lár an bhaile agus beocht eacnamaíoch agus shóisialta a fheabhsú de réir an bheartais Lár Bailte ar dTús.**

Bainfear é seo amach trí:

- Tionscadail Athnuachan Bailte
- Ár sráid-dreacha a fheabhsú
- Spásanna glasa/ aiseanna fóillíochta i lár bailte nó sráidbhailte
- Athchóiriú ar ionaid phobail atá ann
- Rogha nua lena ligfear d'údaráis áitiúla ceapacha talún a fháil chun forbairt athghiniúna bailte a chumasú, mar pháirceanna baile, pláis, srl.
- Foirgnimh fholma agus thréigthe a thabhairt ar ais/in úsáid arís mar spásanna ilfheidhme nó pobail
- Tionscadail chun tacú le margaí lár baile nó sráidbhaile, m.sh. margaí feirmeoirí nó margaí ceardaithe.
- Forbairt plás lár baile/sráidbhaile

Leagfaidh Scéim 2023 béim ar leith ar thionscadail a thugann beogacht eacnamaíoch agus shóisialta go lár na mbailte agus a chuideoidh le foirgnimh agus láithreáin atá folamh agus tréigthe a thabhairt ar ais in úsáid mar spásanna pobail nó ilfheidhme ag teacht leis na cuspóirí "*Ár dTodhchaí Tuaithe*- Tuath na hÉireann. Tacóidh Beartas Forbartha 2021-2025" agus an Scéim Bailte agus Sráidbhailte leis na cuspóirí seo agus spreagfar níos mó daoine chun filleadh go muiníneach ar lár na mbailte agus na sráidbhailte chun oibriú, siopadóireacht agus sóisialú a dhéanamh.

**Forbairt agus Pleanáil Tionscadal**

Ag teacht le beartais an Rialtais *Ár dTodhchaí Tuaithe* agus *Lár Bailte ar dTús* , díríodh go láidir ar athbheochan lár an bhaile faoin TVRS 2023. Chun é seo a chomhlánú agus a fheabhsú tá sraith maoinithe ar leith de thacaíochtaí a bhaineann le *Lár Bailte ar dTús* á fhorbairt faoi láthair. Tiocfaidh sé seo in ionad tacaíochtaí a bhí ar fáil roimhe seo chun Pleananna Baile de chineálacha éagsúla a fhorbairt agus tacaíocht Forbartha Tionscadal arna tairiscint faoi TVRS 2021 agus 2022. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo a chinntiú go dtugtar tacaíocht shoiléir do phobail chun tionscadail agus tograí ardchaighdeáin a fhorbairt ag teacht le cur chuige *Lár Bailte ar dTús*. Tá sé beartaithe an pacáiste tacaíochta seo a sheoladh sna míonna amach romhainn agus meastar go mbeidh comhtháthú láidir tionscadail mar thoradh air ar fud na sruthanna maoinithe atá ar fáil faoin gClár Infheistíochta Forbartha Tuaithe.

# 2. Leibhéal Deontais ar Fáil

Is é an buiséad táscach don Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2023 ná €15 milliún.

- Is é an deontas íosta atá ar fáil ná €20,000.
- Fanfaidh an t-uasleibhéal deontais a bheidh ar fáil do 2023 ag €500,000 i leith iarratas **amháin** ó gach údarás áitiúil, chun an scéim a comhghuaillíocht leis an gcineál tionscadal agus leibhéal na huaillmhéine a sainaithníodh in *Ár dTodhchaí Tuaithe*. Táthar ag súil go mbeidh tionchair dhearfacha shuntasacha ag tionscadail dá leithéid.
- Beidh uasmhéid de €250,000 i bhfeidhm maidir le **4** iarratas eile.
- **Glacfar le hiarratas breise amháin** ó gach údarás áitiúil ina bhfuil **oileáin amach ón gcósta áitrithe,** le haghaidh tionsadal móscála amháin suas le €250,000.

Tá uasleibhéal an deontais socraithe ag 90% de chostas iomlán tionscadail faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Ní mór don Údarás Áitiúil agus/nó ranníochtaí pobail agus/nó daonchairdis an 10% eile den mhaoiniú meaitseála a thabhairt.

**Níl cistí** arna n-urrú ó scéimeanna nó cláir reatha na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail nó ó shruthanna maoinithe poiblí eile incháilithe le húsáid mar mhaoiniú meaitseála.

**Soláthar Sonrach chun tacú le Réigiún an Iarthuaiscirt**
Mar aitheantais ar an rangú atá déanta ag Coimisiún an AE ar réigiún an Iarthuaiscirt mar Réigiún Idirthréimhseach agus d'fhonn aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar éagsúlachtaí réigiúnacha, **bainfidh cúnamh deontais 95%** de chostas iomlán an tionscadail go heisceachtúil le contaetha i réigiúin an Iarthuaiscirt. Caithfidh an 5% eile den mhaoiniú meaitseála a bheith i bhfoirm ranníocaíochta airgid agus is féidir leis an Údarás Áitiúil agus/nó an pobal agus/nó ranníocaíochtaí daonchairdis a thabhairt. **Níl cistí** arna n-urrú ó scéimeanna nó cláir reatha na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail nó ó shruthanna maoinithe poiblí eile incháilithe le húsáid mar mhaoiniú meaitseála.

Is iad seo na contaetha i Réigiún Trasdula an Iarthuaiscirt:

| | | |
|---|---|---|
| Dún na nGall | An Cabhán | Sligeach |
| Maigh Eo | Ros Comáin | Gaillimh |

Liatroim Muineachán

# 3. Catagóirí Bailte

Díreofar scéim 2023 ar thrí chatagóir Bailte/Sráidbhailte mar seo a leanas:

Catagóir 1: Bailte agus sráidbhailte le daonra suas le 5,000 daoine.

Catagóir 2: Bailte le daonra de 5,001 go 10,000 daoine.

Catagóir 3: D'fhéadfadh bailte móra le daonra de suas le 15,000 duine a bheith incháilithe sa chás go bhfuil an t-iarratas ar ardchaidhdeán agus ina leagtar amach go bhfuil géarghá le hinfheistíocht, luach maith ar airgead agus torthaí dearfacha a mbeidh tionchar suntasach acu ar an mbaile.

Ina theannta sin, meastar oileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu a bheith incháilithe agus spreagtar iad go gníomhach chun iarratas a dhéanamh.

Beidh príomhfhócas na scéime ar shráidbhailte agus ar bhailte le daonra suas le 5,000 (Catagóir 1). Gheobhaidh na bailte/sráidbhailte seo ar a laghad 60% den mhaoiniú a bheidh ar fáil.

Le haighaidh cuspoirí Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2023, sainmhínítear sráidbhaile mar lonnaíocht bheag tithe, níos lú ó thaobh méide ná baile, agus é cnuasaithe thart ar phointe spéise lárnach amháin ar a laghad mar scoil, séipéal, siopa, teach tábhairne, ionad pobnail srl.

Ag teacht le *Ár nOileáin Bheo*, polasaí oileánda náisiúnta an Rialtais agus mar atá leagtha amach in *Ár dTodhchaí Tuaithe*, leanfaimid ag tacú lenár n-oileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2023. Tá oileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu incháilithe go sainráite iarratas a dhéanamh faoin Scéim agus moltar go gníomhach dóibh déanamh amhlaidh. Tacóidh sé seo le pobail inbhuanaithe agus bríomhara, agus tabharfaidh sé deis do chuairteoirí freisin léirthuiscint ar an saibhreas uathúil cultúir, oidhreachta agus comhshaoil atá ar fáil ar na hoileáin.

### Contaetha a bhfuil Oileáin Amach ón gCósta Incháilithe ina gcónaí iontu

- Dún na nGall
- Sligeach
- Maigh Eo
- Gaillimh
- Chorcaí

# 4. Próiseas Iarratais, Measúnaithe agus Faomhadh

Tá an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus á riaradh trí na hÚdaráis Áitiúla.

Is trí phróisieas iomaíoch a roghnófar na tionscadail faoin Scéim do 2023. Agus na tionscadail rathúla á roghnú, ag teacht leis an gCód Caiteachais Phoiblí, breithneoidh **an Roinn feidhmíocht an Údaráis Áitiúil san am a chuaigh thart maidir le tionscadail roimhe seo faoin scéim a sheachadadh**. D'fheádhfadh laghdú ar líon na dtionscadal ceadaithe i gcontae faoi Scéim 2023 a bheith mar thoradh ar mhoilleanna iomarcacha ar sheachadadh tionscadal.

Is í an Roinn a dhéanfaidh an roghnú tionscadail deiridh ar bhonn tograí a chuirfidh na hÚdaráis Áitiúla isteach.

Ceanglófar ar Údaráis Áitiúla:

- Foirm Iarratais Aonair do gach tionscadal.
- Bileog Forleárgas Feidhmchláir ina liostaítear na hiarratais go léir.
- Bileog Forleárgas Léirithe Suime (ag liostú gach EOI a fhaigheann an ÚÁ).
- Anailí Airgeadais atá oiriúnach do scála an tionscadail.
- Faisnéis bhreise maidir le cianobair / oiliúint / moil fiontair (más bainteach)
- Faisnéis bhreise ar oibreacha athchóirithe ar ionaid phobail (más bainteach)

**Ní mór iarratais a chur isteach faoi dheireadh gnó an 10 Samhain 2023**

**Baineann na coinníollacha seo leis an bpróiseas iarratais:**

- Beidh ar Údaráis Áitiúla **fograíocht a dhéanamh le haghaidh léirithe spéise ó bhailte/sráidbhailte ina gceantar** agus suas le 5 thogra forbartha a roghnú in iarratais mhionsonraithe a chuirfear faoi bhráid na Roinne. Baineann eisceachtaí:
    - 6 thogra i gcás go bhfuil feidhm ag oileán amach ón gcósta a bhfuil cónaí air

- **Ní mór tabhairt faoi fhorbairt na moltaí seo i gcomhairle leis an bpobal baile/sráidbhaile áitiúil agus le leasanna gnó**. Beidh rannpháirtíocht iomlán ag leasanna pobail agus/nó leasanna gnó ina ghné riachtanach de thionscadail rathúla. Ba chóir go mbeadh tionscadail aitheanta mar chuid de Phlean Lár Bailte ar dTús, plean straitéiseach / reachtúil, Plean Forbartha Contae, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) nó a leithéid, a táirgeadh don bhaile nó don sraidbhaile.

- Ní féidir ach iarratas amháin a chur isteach maidir le haon bhaile/sráidbhaile aonair, lena n-áirítear bailte a d'fhéadfadh a bheith faoi shainchúram níos mó ná Údarás Áitiúil amháin. Tabhair faoi deara freisin, go bhféadfadh roinnt comhpháirteanna nasctha a bheith i bhfeidhmchlár aonair chun tacú le hathnuachan an bhaile/sráidbhaile.

- Sa chás go gcuirtear iarratas tionscadail i leith baile/sráidbhaile isteach ar mhaoiniú faoin Scéim seo agus go bhfuil sé faoi réir iarratais on gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) freisin, ní mór don Údarás Áitiúil míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht chun an t-iarratas a chur isteach chuig an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus conas a nascann sé seo leis an iarratas CAFT.

- Beidh aird ag measúnú agus faomhadh na dtionscadal ar fad ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear: comhghuaillíocht le ***Plean Ár dTodhchaí Tuaithe,*** *Pleananna Lár Bailte ar dTús*, tosaíochtaí eile na Roinne; maoiniú atá ar fáil; an raon, meascán cáilíocht agus tionchar na dtionscadal molta; feidhmíocht seachadta tionscadal na n-údarás áitiúil san am atá caite; maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo; agus breithnithe ábartha eile.

- Déanfar scrúdú breise ar thionscadail a chuimsíonn réitigh atá bunaithe ar an dúlra nó a bhfuil fócas láidir inbhuanaitheachta iontu agus féadfar iad a mheas ar bhealach níos fabhraí.

- Ba chóir go mbeadh fóas ar inrochtaineacht do chách agus cuimsitheacht thar a bheith tábhachtach agus tograí tionscadail á bhforbairt don phobal.

- Ní mó measúnuithe cuí, staidéir féidearthachta agus ceadanna pleanála (más gá) **a bheith** i bhfeidhm roimh iarratas tionscadail a chur isteach. Sa chás nach bhfuil sé seo déanta, moltar go gcoinneofaí an t-iarratas ar feadh na mblianta atá le teacht nó go gcuirfí iarratas isteach chun forbairt an tionscadail a mhaoiniú. Ba cheart go gcabhródh sé seo le hÚdaráis Áitiúla raon tionscadal a fhorbairt a d'fhéadfaí a chur chun cinn ina dhiadh sin, faoi réir maoiniú breise a bheith ar fáil.

- Níor cheart ach tograí is féidir a sheachadadh laistigh de fhráma ama **12-18 mí** a chur isteach.

- Déanfar **eisceacht** do thograí a gheofar d'oileáin amach ón gcósta in **Éirinn a bhfuil cónaí orthu agus do na tograí tionscadail ar scála níos mó (m.sh. €500k),** a cheadóidh **scála ama suas le 24 mí chun an tionscadal** a sheacadadh. Tá sé seo mar aitheantas ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le seachadadh tionscadal mar gheall ar infrastruchtúr agus iompar laghdaithe do thionscadail ar oileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu, agus ar chastacht seachadadh tionscadal ar scála níos mó.

# 5. Cineálacha Gníomhaíochtaí a Tacaítear leo

Faoi Scéim 2023, ní mór iarratas **amháin** ar a laghad a chur isteach ó Bhailte/Sráidbhailte nár faomhadh cheana le haghaidh maoinithe faoin Scéim le 3 bliana anuas.  Tabharfaidh an Roinn tús áite freisin do thograí maidir le bailte nó sráidbhailte nár chuir iarratas isteach, nó nár éirigh leo faoin scéim, más féidir, faoi réir cháilíocht fhoriomlán an tionscadail. Ní mór do thionscadail comhoibriú dlúth a léiriú idir pobail agus leasanna gnó i ndearadh agus i seachadadh na dtionscadal molta, agus caithfidh tacaíocht an Údaráis Áitiúil a bheith acu.

Fanfaidh an méadú ar scála na dtionscadal a bheidh le maoiniú arís i mbliana, agus ceadófar iarratais a lorgaíonn suas le €500,000.

**Beidh an liosta táscach gníomhaíochtaí seo a leanas (ní liosta iomlán é) incháilithe do mhaoiniú faoi Scéim 2023.**

- Tionscadail athbheochana a chuidíonn lenár mbailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan, ag teacht le *Beartas Lár Bailte ar dTús*, trí thionscadail athnuaite agus forbartha atá pleanáilte agus inbhuanaithe a spreagfaidh gníomhaíocht gheilleagrach níos mó agus líon na ndaoine, a thabharfaidh aghaidh ar fholúntas agus tréigean agus a chinnteoidh athúsáid oidhreachta agus foirgnimh eile atá ann cheana; ba chóir na tionscadail seo a shainaithint i Pleananna *Lár Bailte ar dTús*, i máistirphleananna baile agus sráidbhailte (nó a leithéid) arna bhforbairt i gcomhar leis an bpobal áitiúil, gnólachtaí agus na páirtithe leasmhara ábhartha eile sa bhaile nó sa sráidbhaile.

  (*Ní thacófar le tionscadail forbartha/feabhsúchá in cosán nó a leithéid mar go bhféadfaidh Údaráis Áitiúla iad seo a mhaoiniú go díreach nó tríd an gClár Infheistiochta Taistil Ghníomhaigh.)*

- Mar aitheantas ar an ngá atá le spásanna pobail amuigh faoin aer, féadfar feidhmchlár amháin a úsáid chun talamh a fháil i lár na mbailte a thacaíonn le hÚdarás Áitiúla chun tionscadail athghiniúna bailte / dírithe ar an bpobal a fhorbairt (lena n-áirítear b'fheidir páirceanna baile / plásanna, forbairt na maoine máguaird faoi úinéireacht Údarás Áitiúil cheana féin srl).  Is rogha nua é seo a tugadh isteach faoi TVRS 2023.   **Tabhair faoi deara**: má tá iarratas á dheánamh ar thalamh a fháil ba chóir don údarás áitiúil a dheimhniú nach mbíonn tionchar ag fáil na talún seo chun críocha tithíochta srl.

- Athchóiriú ar ionaid phobail atá ann cheana féin (nuair a bhíonn riachtanas/ reasúnaíocht aitheanta go soiléir) (tá feidhm ag ceistneoir breise)
  *(Tá maoiniú le haghaidh ionaid phobail nuathógtha ar fáil faoi chlár tacaíochtaí comhtháite d'fhorbairt agus d'athchóiriú na n-ionad pobail thar scéimeanna eile lastigh den Chlár Infheistíochta Forbartha Tuaithe.)*

- Tionscadail chun tacú le pobail oileáin bhriomhara inbhuanaithe ar oileáin amach ón gcósta in Éirinn a bhfuil cónaí orthu.
  (Dún nGall, Sligeach, Maigh Eo, Gaillimh, Corcaigh)

- Tionscadail chun tacú le bunú margaí lár baile nó sráidbhailte (m.sh. margaí feirmeoirí, margaí faoin aer, margaí trádálaithe áitiúla, margaí ceardaithe nó a leithéid) - m.sh. oibreacha talún, soláthar stallaí, trealamh, agus soláthar seirbhísí. Ní mór margaí a thógáil ar phrionsabail eiticiúla agus inbhuanaitheachta chun fad saoil a chinntiú agus ní mór iad a fhorbairt le leargas ard agus réimse poiblí feabhsaithe a mheallfaidh líon ard daoine.

- Tionscadail chun pláis lár baile/sráidbhaile a fhorbairt, spásanna bia poiblí lasmuigh, páirceanna, spásanna glasa (lena n-áirítear cuibhrinn agus gairdíní pobail) agus spásanna/áiseanna fóillíochta (lena n-áirítear áiseanna spóirt faoin aer mar pháirceanna scátála, cúirteanna cispheile, cúirteanna leadóige, etc.) i lár na mbailte chun iad a dhéanamh mar mhoil bheoga le haghaidh taitneamh an phobail, agus chun líon na ndaoine a théann i bhfeidhm ar ghnóthaí áitiúla a mhéadú. Ní bhreithneofar ach iarratais mhaoinithe le haghaidh maoine agus/nó tailte atá faoi úinéireacht nó leas phoiblí. Ní mor tionscadail a bheith suite i lár an bhaile nó an tsráidbhaile.
  (*Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh léasanna do gach tionscadal a bheith i bhfeidhm ar feadh 15 bliana ar a laghad - féach Coinníollacha Maoinithe thíos*)

- Tionscadail chun tacú le huasghrádú agus feabhsú aghaidheanna siopaí agus aghaidheanna sráide (múrphictiúir san áireamh) i mbailte agus i sráidbhailte. Spreagtar údaráis áitiúla dul i dteagmháil le gnóthais áitiúla agus úinéirí réadmhaoine chun scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir le grúpthionscadail dáth agus beogacht a chur le príomhshráideanna.

- Tionscadail a thugann foirgnimh agus láithreáin atá folamh agus tréigthe ar ais in úsaid mar spásanna ilfheidhme. D'fhéadfadh **ceannach agus athchóiriú** foirgneamh atá folamh agus tréigthe a bheith i gceist leis seo. Áirítear leis seo iar-mhaoin faoi úinéireacht an stáit nach bhfuil á húsáid a thuilleadh agus a chuirtear ar fáil don phobal. Áirítear le húsáid ilchuspóireach spásanna fiontair, na healaíona, turasóireacht, moil óige agus úsáidí pobail eile.

- Tionscadail a thugann áitribh fholmha i Lár na mBailte ar ais in úsáid mar Mhoil Chianoibrithe. Beidh ar iarratasóirí rathúla a fhaigheann maoiniú d'áiseanna cianoibre gealltanas bhallraíocht trí bliana sa Líonra Mol Náisiúnta.

  *N.B. Má tá sé ar intinn agat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun mol a bhunú (féach Aguisín 1 don treoir aicmithe moil) beidh ort a léiriú go soléir go bhfuil éileamh ar a leithéid de shaoráid agus go seachadfar breisíocht shoiléir agus aird ar an leibhéal suntasach de infheistíocht phoiblí sa réimse seo go dtí seo. Ceanglófar ar aon iarratas den sórt sin faisnéis a sholáthar ina leith seo. Tá sé seo deartha chun a chinntiú go bhfuil cás gnó fónta ann do mhol nua.*

- Feachtais mhargaíochta dírithe ar cianoibrithe agus bua soghluaiste a mhealladh chuig a gcontae/réigiún; agus cur chun cinn bailte/sráidbhailte ar leith chun custaiméirí nua agus/nó infheistíocht ghnó a mhealladh.

- Tionscadail a thacaíonn agus a fheabhsaíonn an geilleagar oíche de réir na moltaí atá ag teacht chun cinn ón Tascfhósa um Gheilleagar Oíche.

- Feabhsú ar shóchmhainní oidhreachta (m.sh. músaeim áitiúla/tarraingtí tuarasóireachta díithe ar ghnéithe stairiula an cheantair, láithreáin/foirgnimh oidhreachta, srl.) atá lonnaithe i mbailte agus sráidbhailte, lena n-áirítear bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

# 6. Cineálacha gníomhaíóchtaí nach dtacaítear leo

Ní thacaófar leis na gníomhaíochtaí agus na hiarratais tionscadail seo a leanas.

Liosta táscach de thionscadail neamh-incháilithe (ní uileghbhálach):

- Sa chas nach bhfuil an cead pleanála cuí nó na ceadanna/leasanna eile atá riachtanach do sheachadadh rathúil an tionscadail ag an Údarás Áitiúil. Níor cheart moladh a chur isteach má tá an tÚdarás Áitiúil ag súil go mbeidh moill an maidir leis na ceadanna/léas/pleanáil ábhartha a fháil.

- Níl cosáin agus bealaí rothaíochta i mbailte agus sráidbhailte incháilithe faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2023

- Tionscadail nach bhfuil suite i ngarchomharsanacht baile nó sráidbhaile tuaithe. (Tabhair eisceacht d'oileáin, a mheastar a bheith incháilithe i bhfianaise a gcúinsí sonracha.)

- Tacaíocht d'fhiontar priobháideach aonair - tá tionscadail a chuidíonn le chéile le fiontair phríobháideacha laidtigh de bhaile nó sráidbhaile inghlactha.

- Tionscadail neamhiomlána - tá céimeanna tionscadal inghlactha ach caithfidh tionscadal a bheith neamhspleách agus inoibrithe ina cheart féin le bheith incháilithe mar 'chéim' de thionscadal eile.

- Costais oibriúcháin leanúnacha.

- Ionaid pobail agus clubanna spóirt nuathógtha. Tabhair faoi deara: Tá maoiniú d'ionaid phobail nuathógtha ar fáil faoi chlár tacaíochtaí comhtháite d'fhorbairt agus d'athchóiriú na n-ionad pobail thar scéimeanna eile laistigh den Chlár Infheistíochta Forbartha Tuaithe.

- Tionscadail nach féidir a léiriú gur tugadh faoi phrósieas comhairliúcháin chun tuairimí an phobail agus na ngólachtaí áitiúla a fháil.

- Tionscadail atá níos oiriúnaí do mhaoiniú faoi CLÁR, an Scéim Feabhsúchaín Áitiúil (LIS), an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) nó An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF.)

- Maoiniú chun Phleananna Lár Bailte ar dTús a fhorbairt. Beidh maoiniú do phleananna dá leithéid ar fáil go leithleach faoin Beartas *Lár Bailte ar dTús*.

# 7. Leibhéal Deontais agus Sonraí Iarratais

Is é an buiséad táscach don Scéím Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2023 ná €15 milliún. Socraíodh an t-uasleibhéal deontais don phríomhscéim ag 90% de chostas iomlán an tionscadail. Ní mór don Údarás Áitiúil agus/nó ranníochtaí pobail agus/nó daonchairdis an 10% eile den mhaoiniú meaitseála a thabhairt.

Do chontaetha i Réigiún Trasdula an Iarthuaiscirt beidh cúnamh 95% de chostas iomlán an tionscadail i bhfeidhm. Caithfidh an 5% eile den mhaoiniú meaitseála a bheith i bhfoirm ranníocaíochta airgid agus is féidir leis an Údarás Áitiúil agus/nó an pobal agus/nó ranníocaíochtaí daonchairdis a thabhairt.

**Níl cistí** arna n-urrú ó scéimeanna nó cláir reatha na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail nó ó shruthanna maoinithe poiblí eile incháilithe le húsáid mar mhaoiniú meaitseála.

**Líon na n-Iarratas**

Iarratar ar Údaráis Áitiúla suas le **5 iarratas** suas go luach €1.5m in aghaidh an údaráis áitiúil a chur isteach (tá feidhm ag 6 iarratas áit a bhfuil cónaí ar oileán amach ón gcósta, suas le €1.75 milliún in aghaidh an údaráis) faoi Scéim 2023 mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| i. | 4 iarratas* | maoiniú idir €20,000 agus €250,000 |
| ii. | iarratas 1 | maoiniú idir €20,000 agus €500,000 |

* Is f eidir iarratas breise a chur isteach sa chá go bhfuil cónaí ar oileán amach ón gcóta ag Údarás Áitiúil agus mar sin glacfar el suas le 6 iarratas san iomlán ó na hÚdaráis Áitiúla seo.

Faoi Scéim 2023, ar bhonn cothromais agus chun scaipeadh cothrom infheistíochta a chinntiú, caithfidh 1 iarratas ar a laghad teacht ó Bhailte/Sráidbhailte nár faomhadh cheana le haghaidh maoinithe faoi na 3 bliana deiridh den scéim.

Tabharfaidh an Roinn tosaíocht, nuair is féidir, do thograí maidir le bailte nó sráidbhailte nár chuir isteach cheana, nár chuir isteach le 3 bliana anuas, nó nár éirigh leo faoin scéim, faoi réir cháilíocht fhoriomlán an tionscadail.

Caithfidh gach tionscadal a mhaoinítear a bheith in ann **tosú chomh luath agus a thugtar faomhadh** agus ní mór go mbeifear in ann iad a sheachadadh laistigh de fhráma ama réalaíoch m.sh.laistigh de thréimhse 12 go 18 mí, nó suas le 24 mí ar na hoileáin nó do na tionscadail €500k.

# 8 Costais Údaráis Áitiúla

Is é an réamhshocrú ná go mbeidh oibreacha a dhéanfar faoi réir próisis tairisceana iomaíoch ar leith nó go mbeidh tarraingt anuas conartha i gceist faoi chreat-chomhaontú reatha. Ba cheart go mbeadh an próiseas soláthair i gcomhréir le Ceanglais Soláthair Phoiblí an AE (Treoir AE 2014/24) agus le Treoirlínte Soláthair Náisiúnta arna bhfoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

**Costais Sheachadta an Tionscadail**

Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an Údarás Áitiúil seribhísí nó oibreacha a dhéanamh go hinmheánach, ní mór miondealú ar na costais sin a chur san áireamh san fhoirm iarratais agus réasúnaíocht a sholáthar ina leith. Sa chás go n-áirítear costais foirne Údaráis Áitiúil, ní mór dóibh a bheith i gcomhréir le costasiomlán an tionscadail agus sainaitheanta ag céim an iarratais. Ní mheasfar ach costais tuarastail a bhaineann leis an am a chaitear go díreach ar an tionscadal a bheith incháilithe. Déanfar measúnú ar an leibhéal costais atá beartaithe don Údarás Áitiúil ag céim an iarratais agus féadfar iarraidh ar an Údarás Áitiúil na costais sin a laghdú má mheastar go bhfuil siad iomarcach.

Ina theannta sin, ní mór don Údarás Áitiúil réasúntacht an chostais a fhíorú m.sh. ní mór don Údaras Áitiúíl fianaise a bheith ar an gcomhad tionscadail ghearrtar ag teacht le, nó níos lú ná, an costas a bhaineann le conraitheoir seachtrach a fhostú. Déanfar athbhreithniú ar an bhfianaise seo ag céim iniúchta an tionscadail. Mura gcuirtear é seo i gcomhad d'fhéadfaí an méid a ghearrtar a mheas a bheith neamh-incháilithe.

**Táillí Riaracháin / Teicniúla**

Tá suas le 10% ar a mhéid de leithdháileadh deontas an tionscadail incheadaithe do chostais tuarastail na nÚdarás Áitiúil a bhaineann le riarachán an tionscadail agus/nó táillí teicniúla. Tá an 10% seo ag brath ar sheacadadh agus críochnú iomlán na n-oibreacha scéime laistigh de na frámaí ama molta agus de réir Imlíne an Bhirt seo.

# 9 Coinníollacha Maoinithe

**Mura gcomhlíontar na coinníollacha mar atá imlínithe nó mura gcomhlíontar aon choinníollacha breise a comhaontaíodh le linn idirbheartaíochtaí conartha, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cuid den chúnamh deontais nó an deontas ar fad a aisíoc.**

Tá gach caiteachas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráídbhailte faoi réir théarmaí an Chóid Chaiteachais Phoiblí http://publicspendingcode.per.gov.ie/. Tá na ceanglais seo a leanas infheidhme freisin;

**Riachtanais**

1. Beifear ag súil go gcuirfear tús le tionscadail agus go dtabharfar chun críche iad de réir na hamlínte atá leagtha amach sa Imlíne Scéime ábhartha.

2. Déanfar aon tionscadal nár cuireadh tú leis faoin sonraí críochnaithe comhaontaithe a shaoradh go huathoibríoch, mura bhfuil teagmháil leanúnach leis an Roinn maidir le cúiseanna láidre leis an moill .

3. Féadfaidh an Roinn maoiniú leithdháilte ar thionscadail faoin Scéim a dhí-ghealltа nuair nach bhfuil an tionscadal críochnaithe laistigh den am sonraithe, agus sa chás nach bhfuil comhaontú sainráite na Roinne chun síneadh a chur leis an socrú maoinithe comhaontaithe roimh ré.

4. Soláthrófar an maoiniú deontais don tionscadal ceadaithe ó bhuiséad caipitil na Roinne. Ba cheart costais riaracháin agus/nó profisiúnta a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

5. Tá gá le ranníocaíocht maoinithe meaitseála mar atá leaghta amach san Imlíne Scéime ábartha. Teastaíonn íosmhéid ranníocaíohta airgid de 10%, nó mar atá sonraithe thuas 5% do na contaetha san Iarthuaisceart. Beidh ar an deontaí deimhniú a sholáthar go bhfuil an ranníocaíocht airgid i bhfeidhm agus taifead a choinneáil ar fhoinse na ranníocaíochta airgid.

6. Níl cistí a fhaightear ó scéimeanna nó cláir reatha na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail incháilithe le húsáid mar mhaoiniú meaitseála. Níl maoiniú faighte ó fhoinsí eile Rialtais nó poiblí incháilithe freisin.

7. Ní ceadmhach tionscadail faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte a chomh-mhaoiniú trí úsáid a bhaint as airgead eile ón Roinn, ón Rialtas nó ón bpobal.

8. Íocaíochtaí Céimithe: Is féidir maoiniú a tharraingt anuas i suas le 3 chéim. Is é an t-íosmhéíd is féidir a tharraingt anuas ag am ar bith ná 20% de chostais an tionscadail. Ní mór iarratais ar

tharraingt anuas ar mhaoiniú (Iarscríbhinn 4 Foirm Iarratas Aistarraingthe) a bheith sínithe ag an Stiúthoir Seirbhísí (DOS) nó ag oifigeach údaraithe ar cheart dó an DOS a chóipeáil agus éileamh á chur isteach aige.

9. Ní mór tionscadail a bheith críochnaithe go hiomlán chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. Sa chás go gcinntear nach bhfuil tionscadal curtha i gcrích, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an deontaí aon mhaoiniú a fuarthas ar an tionscadal a aisíoc. Tá sé riachtanach go ndéanfaí aon athruithe ar ghnéithe an tionscadail, nó athdháileadh maoinithe idir eilimintí, a chur ar an eolas agus a chomhaontú leis an Roinn sula gcuirfear an t-athrú i bhfeidhm; ní cheadóidh an Roinn go cúlghabhálach athruithe ar thionscadail.

10. Sa chás go mbaineann sé, coinneaidh an Roinn céatadán den íocaíocht deontais, ar aon dul leis an gcéatadán den chostas a coinníodh siar, go dtí go mbeidh an tréimhse choinneála thart, deonófar síneadh coinníollach sna cásanna seo. Féadfaidh LA's ansin méid an deontais atá fágtha a tharraingt anuas a luaithe is féidir cruthúnas a sholáthar go bhfuil an méid coinneála deiridh íoctha.

11. Sa chás go bhfuil athruithe curtha i bhfeidhm ar thionscadal ceadaithe gan faomhadh na Roinne, féadfar an maoiniú deontais a laghdú chun an tionscadal leasaithe a léiriú.

12. Má tá oibreacha ar fhoirgnimh nó ar thailte nach bhfuil faoi úinéireacht an deontaí i gceist leis an tionscadal, ní mór léas 15 bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ó dháta críochnaithe an tionscadail.

13. I gcás maoinithe a leithdháiltear ar fhiontair nó áiseanna (msh. ionad pobail, moil), tá sé riachtanach go n-oibreoidh siad mar atá maoinithe ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis an chéim dheiridh den mhaoiniú a scaoileadh, nó d'fhéadfadh go mbeadh gá le maoiniú a aisíoc. Sa chás nach n-oibríonn siad mar atá maoinithe ní mór é seo a chur in iúl agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.

14. Ní mór cloí leis na rialacha agus rialacháin airgeadais, Soláthair Phoiblí agus chuntasaíochta chuí agus tabharfaidh gach deontaí cuntas iomlán ar an maoiniú a fhaightear ar bhealach tráthúil.

15. Is faoin údarás áitiúil atá sé a chinneadh an bhfuil faighteoirí deontais cláraithe le haghaidh CBL, agus ma tá, níl an méid CBL le héileamh mar chostas tionscadail ar tharraingt anuas.

16. Ba cheart cáipéisí iomlán cruinn chun tacú leis an gcaiteachas ar fad a choinneáil sa chomhad tionscadail agus ba cheart go mbeadh rochtain ag oifigigh na Roinne air chun críocha iniúchta i gcónaí, ar feadh tréimhse sé bliana ó dháta críochnaithe an tionscadail.

17. Adhmhóidh na deontaithe an tacaíocht ó Thionscadal 2040 / An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail / Rialtas na hÉireann, agus aon fhoinsí maoinithe infheidhmithe eile (mar a shainaithnítear sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus

comharthaí, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Ina theannta sin, féadfaidh an Roinn iarracht a dhéanamh an tionscadal a úsáid chun a cuid polasaithe a chur chun cinn ar bhonn níos leithne. Costais chomharthaíochta le cur san áireamh i gcostas an tionscadail ag an gcéim iarratais.

18. Soláthróidh deontaithe aon tuarascálacha agus faisnéis a bhaineann leis an tionscadal de réir mar iarrfaidh an Roinn go réasúnach ó am go ham. Ba cheart turascálacha ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid na Roinne ag: 9 mí, 12 mí agus 15 mhí ó fhaomhadh an tionscadail, nó, de réir maragus nuair a iarann an Roinn é.

19. Ba chóir go ndéanfaí monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar na hidirghabhála. Beifear ag súil go mbaileoidh deontaithe sonraí cuí chun an fhoghlaim seo a éascú ar bhonn leanúnach. Ar iarratas, ba cheart tuairisc ghairid (1-2 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail a mhaoinitear a chomhlánú agus a chur ar fáil don Roinn.

20. Cuirfidh na deontaithe pointe teagmhála/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun iarratais ar íocaíocht agus faisnéis a éascú. Ba cheart an Roinn a thabhairt cothrom le dáta go tráthúil maidir le haon athruithe ar phearsanra teagmhála.

21. Beidh seicliosta ag deimhniú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gcoinníollacha maoinithe a bhaineann leis an gcúnamh deontais nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe.

22. Coinníonn an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail an ceart chun tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin TVRS a sheoladh/ a oscailt. Ba chóir an Roinn a chur ar an eolas sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta beartaithe le haghaidh imeachtaí den sórt sin.

23. Cód Caiteachais Phoiblí

Caithfidh gach togra costais mhionsonraithe tionscadail agus luach soiléir ar airgead a léiriú. Braithfidh castacht na riachtanas breithmheasa agus na modhanna a úsáidfear ar mhéid agus ar nádúr an tionscadail agus ba chóir go mbeidís i gcomhréir lena scála. Tá treoir bhreise leagtha amach mar eolas d'iarratasóirí sa Chód Caiteachais Phoiblí. Tabhair faoi deara go háirithe Ciorclán DPER 06/2023 a foilsiódh le déanaí.

Tá sé ina cheanglas den Chód Caiteachais Phoiblí nach mór Anailí Airgeadais a chur san áireamh i ngach togra caiteachais agus an leibhéal sonraí i gcomhréir leis an leibhéal caiteachais atá i gceist.

Caithfidh duit d'anailís airgeadais don tionscadal a mhionsonrú ar cheann de na teimpléid a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar fáil.

21 Tairisceana

Caithfidh gach próiseas soláthair a bheith i gcomhréir le Ceanglais Soláthair Phoiblí an AE (Treoir AE 2014/24) agus le treoirlínte náisiúnta soláthair arna bhfoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Féach ar www.etenders.gov.ie agus www.constructionprocurement.gov.ie le haghaidh tuilleadh sonraí. Tabhair daoi deara go háirithe Ciorclán DPER 05/2023 a foilsíódh le déanaí: Tionscnaimh chun cabhrú le FBManna i Soláthar Poiblí (28 Márta 2023).

# 10. Creat Scórála

**Tabhair faoi deara:** Ní mór Foirm Iarratais iomlán a bheith mar thaca le gach togra tionscadail. Ní bhreithneofar ach iarratais a chuir an tÚdarás Áitiúil isteach.

Caithfidh iarratais a bheith réidh le sluasaid agus cead pleanála agus gach cead riachtanach eile i bhfeidhm.

**Tabharfar tús áite do mhaoiniú d'údaráis áitiúla a bhfuil teist láidir seachadta léirithe acu faoi scéimeanna DRCD. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé nach n-éireoidh le húdaráis áitiúla a bhfuil leibhéil shuntasacha moille acu i seachadadh na dtionscadal idir lámha maoiniú a fháil.**

Cuirfear an creat scórála thíos i bhfeidhm ar gach iarratas chun a chinntiú go mbeidh na tionscadail rathúla ar ardchaighdeán.

Tabharfar ualú breise do thionsadail a eascraíonn nó atá ailínithe le Phlean *Lár Bailte* ar dTús ón gcéad chéim den Tionscnamh Plean TCF. (Féach Aguisín 2 le haghaidh liosta Bailte plean TCF)

Is é an dáta deiridh le hiarratais ar phríomhscéim a fháil chuig **townandvillage@drcd.gov.ie** ná deireadh an ghnó ar **10 Samhain 2023**

| Critéir Roghnúcháin | Míniú |
|---|---|
| **Cuspóirí agus Ceanglais na Scéime a Chomhlíonadh** | • An bhfuil an moladh ag teacht le cuspóirí na Scéime?<br>• An mbeidh tionchar dearfach ag an togra ar an mbaile/sráidbhaile?<br>• Cé chomh mór agus a thacóidh an togra leis na cuspóirí atá leagtha amach in Imlíne na Scéime?<br>• An mbeidh tionchar dearfach ag an togra maidir le cruthú áite agus athnuachan lár an bhaile?<br>• An spreagfaidh an tionscadal líon breise daoine agus a daoine a mhealladh chuig lár an bhaile?<br>• An dtugann an tionscadal aghaidh ar cheist na bhfoirgneamh folamh/tréigthe i mbailte agus i sráidbhailte?<br>• An gcruthaíonn an togra deiseanna cianoibre?<br>• An dtacaíonn an togra le lárionad bhailte agus sráidbhailte atá gníomhach agus bríomhar?<br>• An bhfuil an moladh ag teacht leis na cuspóirí faoi na beartais *Ár dTodhchaí Tuaithe* agus *Lár Bailte ar dTús*?<br>• An bhfuil ceadanna pleanála / measúnuithe cuí i bhfeidhm?<br>• An bhfuil an tionscadal seo do bhaile nach bhfuil maoinithe roimhe seo? |

| Critéir Roghnúcháin | Míniú |
|---|---|
| **Léiriú ar Riachtanas** | • An sainaithníonn an t-iarratasóir riachtanas soiléir agus réasúnaíocht don togra?<br>• An dtugann an moladh atá leagtha amach aghaidh ar an riachtanas seo agus cad é an méid?<br>• An bhfuil sonraí sa togra faoin gcomhairliúchán poiblí chun an gá a shainaithint agus chun tacú leis an réasúnaíocht atá leis an togra?<br>• An míníonn an t-iarratasóir cén fáth a bhfuil gá le maoiniú faoin Scéim seo m.sh. a léiríonn nach bhfuil aon fhoinsí maoinithe oiriúnacha eile don togra seo.<br>• An dtógann an togra ar aon phleanáil a rinneadh don bhaile roimhe seo- mar shampla, an mbaineann sé leas as Céad Pleananna Lár Bailte ar dTús, Seiceálacha Sláinte Lár Baile nó Bearta Forbartha Tionscadal arna maoiniú faoi TVRS in 2021 nó 2022? |
| **Luach ar Airgead** | • An bhfuil costálacha an togra soiléir agus réalaíoch?<br>• An bhfuil na costálacha mínithe go soléir agus inchosanta?<br>• Am bhfuil údar soiléir ag an iarratasóir leis an leibhéal infheistíochta a iarradh?<br>• An bhfuil an tionscadal seo inbhuanaithe m.sh. an leanfaidh an togra seo le tionchar a bheith aige thar an tréimhse maoinithe ar an mbaile agus ar an sráidbhaile?<br>• Ar an iomlán, an léiríonn an togra luach ar airgead? |
| **Cáilíocht agus Inghnóthaitheacht** | • An bhfuil an moladh comhleanúnach agus leagtha amach go soléir san fhorim iarratais?<br>• An bhfuil an moladh réadúil agus indéanta laistigh d'fhrámaí ama an Scéime?<br>• An bhfuil aschuir agus torthaí sainmhínithe soiléir ag an tionscadal?<br>• An bhfuil na haschuir agus na torthaí intomhaiste go soléir? |

# Aguisín 1-Treoir Aicmithe Mol

**Mol Fiontair**

Tiomántóir fiontair áitiúil a sholáthraíonn spás, áiseanna agus seirbhíí do ghnólachtaí nuathionscanta, HPSUanna, cianoibrithe. Óstáil imeachtaí agus gníomhú mar chónascaire do líonraí fiontraithe.

**Mol Scálú**

Céim chum cinn ó mhol ginearálta fiontair le fócas láidir ar chliaint iar-thionscanta á dtacú trí chéimeanna scálaithe agus infheistíochta. Seirbhísí ardleibhéil le haghaidh luasghéarú agus forbairt easpórtála. Imeachtaí agus cláir fiontaíochta domhanda.

**Mol T&F**

Mol Speisialtóir ceangailte le HEI de ghnáth agus díīear ar chliaint sna céimeanna tosaigh de T&F ar tháirgí agus ar sheirbhísí nua. Soláthraíonn spás oifige nó deisce agus rochtain ar sheomraí cruinnithe, saotharlanna srl. Fostaítear bainisteoir lánaimseartha agus baill foirne eile chun tacú le forbairt gnó trí gor agus luasghéarú.

**Mol Comhoibrithe**

Soláthraíonn sé oifigí príobháideacha nó deasca do chliaint a bhfuil rochtain acu ar sheomraí cruinnithe agus ar spás imeachtaí.  Cuireann sé áiseanna breiseán & súgartha ar fáildo chliaint ach ní thairgeann sé tacaíocht ghnó. Go minic comhlonnaítear iad le háiseanna eile agus le comhbhainistíocht.

**Mol Pobail & Fiontair**

Ionad a bhfuil sé mar phríomhphócas aige seirbhísí pobail a sholáthar agus a bhfuil spás oifige, deasca tiomnaithe agus/nó teo chomh maith le seomraí cruinnithe ar fáil do chliaint. Comhlánóidh na háiseanna gnó na seirbhísí pobail agus cuirfidh siad ioncam ar fáil don phobal. De ghnáth is oibrithe deonacha a reáchtálann na moil seo le tacaíocht nó gan tacaíocht ó fhoireann Fostaíochta Pobail.

# Aguisín 2 – Bailte Lár Bailte ar dTús

| Údarás Áitiúla | Bailte Plean TFC-Céim 1 |
|---|---|
| Ceatharlach | An Tulach |
| An Cabhán | Baileborough |
| An Chlár | Droichead na Sé Mhíle |
| Chorcaí | An Sciobairín |
| Dún na nGall | Áth an Mhuilinn |
| Fine Gall | Lusca |
| Gaillimh | An Gort |
| Chiarrai | Baile an Mhuilinn |
| Cill Dara | Claonadh |
| Cill Chainnigh | Áth na nUrlainn |
| Laois | Ráth Domhnaigh |
| Liatroim | Cora Droma Rúisc |
| Luimneach | Mainistir na Féile |
| An Longfort | Baile an Longfoirt |
| Lú | Dún Léire |
| Maigh Eo | Cill Ala |
| An Mhí | An Bóthar Buí |
| Muineachán | Carraig Mhachaire Rois |
| Uíbh Fhailí | Clóirtheach |
| Ros Comáin | Béal na mBuillí |
| Sligeach | Tobar an Choire |
| Tiobraid Árann | Ros Cré |
| Phort Lairge | Port Lách |
| An Iarmhí | An Móta |
| Loch Garman | Ros Mhic Thriúin |

| | |
|---|---|
| **Chill Mhantáin** | **Baile Coimín** |